

MEABHRÁN TUISCEANA

idir an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus na hÚdaráis Inniúla de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh 347/2013 lenar leagadh síos socruithe riaracháin maidir le malartú faisnéise faoi Rialachán (AE) Uimh 347/2013

An Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh, dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht' anseo ina dhiaidh seo,

de pháirt, agus

na hÚdaráis Inniúla de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh 347/2013 (na 'hÚdaráis Inniúla'),

den pháirt eile,

a dtagraítear dóibh anseo ina dhiaidh seo mar 'Páirtí' nó 'Páirtithe',

SÍNITHEOIRÍ AN MHEABHRÁIN TUISCEANA SEO,

DE BHRÍ:

- 1) De bhun Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar fuinnimh tras-Eorpach ('Rialachán TEN-E'), déanfaidh an Ghníomhaireacht monatóireacht ar dhul chun cinn i gcás Tionscadal Leasa Choitinn (TLCanna), lena n-áirítear, nuair is cuí, moilleanna i gcomparáid leis an bplean cur chun feidhme agus na cúiseanna bunúsacha ar bhonn tuarascála arna cur isteach ag tionscnóirí na TLCanna. De bhun Airteagal 5(5) de Rialachán TEN-E, cuirfidh an Ghníomhaireacht isteach chuig na Grúpaí Réigiúnacha tuarascáil chomhdhlúite maidir le TLCanna a thagann faoi réim na gcatagóirí arna leagan amach in Iarscríbhinní 11.1 agus 2 de Rialachán TEN-E, ina measfar an dul chun cinn a rinneadh, agus ina ndéanfar moltaí, nuair is cuí, maidir leis an tslí le moilleanna agus deacrachtaí lena mbaineann a sháru.
- 2) De bhun Airteagal 5(4) agus (6) de Rialachán TEN-E, déanfaidh na hÚdaráis Inniúla (.i. na húdaráis arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán TEN-E mar na húdaráis atá freagrach as an bpróiseas deonaithe ceada maidir le TLCanna) monatóireacht ar dhul chun cinn na TLCanna ina gcríocha faoi seach agus cuirfidh siad tuarascáil faoi bhráid na nGrúpaí Réigiúnacha faoi seach maidir le TLCanna a thagann faoi réim na gcatagóirí atá leagtha amach in Iarscríbhinní 11.1 agus 2 de Rialachán TEN-E. Cuirfear ar fáil sa tuarascáil faisnéis laistigh de mhíniú Airteagal 2 den Mheabhrán Tuisceana seo ar an dul chun cinn a rinneadh agus, nuair is cuí,

na moilleanna ar chur chun feidhme maidir le próisis deonaithe ceada, lena n-áirítear na cúiseanna leis na moilleanna.

- 3) Dá réir sin, cuirfidh an Gníomhaireacht agus na hÚdaráis Inniúla tuarascálacha monatóireachta ar TLCanna ar fáil, a bheidh bunaithe ar stór comhchosúil faisnéise arna sholáthar ag tionscnóirí na dTLC.
- 4) Chun cur le héifeachtúlacht ó thaobh costais an phróisis mhonatóireachta i gcás tionscnóirí tionscadail, agus i gcás na bPáirtithe, cumasófar do thionscnóirí TLCanna faisnéis a sholáthar trí uirlis aonair TF faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta, trína malartaítear faisnéis leis na hÚdaráis Inniúla.
- 5) Ba chóir go gcumasódh na rialacha maidir le malartú faisnéise idir an Gníomhaireacht agus na hÚdaráis Inniúla i dtaca le monatóireacht ar TLCanna do na Páirtithe a dtascanna monatóireachta ar TLCanna a dhéanamh ar shlí éifeachtach, chomhordaithe, chomhsheasmhach, ag féachaint don fhaisnéis TLC is úrnua agus do rúndacht, iomláine agus cosaint na faisnéise sin, lena n-áirítear sonraí pearsanta.
- 6) Ba chóir an mheicníocht malartaithe faisnéise a bheith solúbtha a dóthain ionas gur féidir í a fhorbairt le himeacht aimsire, ag cur san áireamh tosca athraitheacha i dtaca le cur chun feidhme TLCanna, athruithe reachtacha nó an taithí a gheofar ó mhonatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme.

GUR AONTÁIODH MAR SEO A LEANAS:

Airteagal 1

Cuspóirí

1. Is é cuspóir an Mheabhráin Tuisceana seo creat a bhunú ar féidir leis an nGníomhaireacht agus na hÚdaráis Inniúla oibriú laistigh de chun faisnéis a mhalartú chun cur le héifeachtacht chomhlíonadh a n-oibleagáidí de bhun Airteagail 5(4) agus 5(6) de Rialachán TEN-E.
2. Admhaíonn na Páirtithe sa Mheabhrán Tuisceana seo gur féidir le tionscnóirí TLCanna a n-oibleagáid tuairiscithe de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán TEN-E a chomhlíonadh i leith na Gníomhaireachta agus na nÚdarás Inniúil nuair a chuirtear a dtuarascáil isteach tríd an uirlis TF atá faoi bhainistíocht na Gníomhaireachta.

Airteagal 2

Sainmhínte

Le haghaidh chuspóir an Mheabhráin Tuisceana seo, beidh ag na téarmaí seo a leanas an bhrí seo a leanas:

- (1) Ciallaíonn 'Údarás Inniúil' an t-údarás inniúil náisiúnta a shaináithníonn gach Ballstát mar an údarás atá freagrach as an bpróiseas deonaithe ceada maidir le TLCanna a éascú agus a chomhordú, laistigh de bhrí Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh 347/2013;
- (2) ciallaíonn 'faisnéis' an fhaisnéis a gheofar sa tuarascáil bhliantúil agus aon leasuithe nó soiléirithe a dhéantar uirthi ina dhiaidh sin, a chuir tionscnóirí TLCanna faoi bhráid na Gníomhaireachta tríd an uirlis TF de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán TEN-E agus a cheadaíonn siad a tharchur chuig na hÚdaráis Inniúla. Is féidir go n-áireofar ar an bhfaisnéis seo go háirithe:
 - a) saintréithe ginearálta an tionscadail, ar nós ainm agus sonraí teagmhála thionscnóir an tionscadail, cur síos ar an tionscadal, lena n-áirítear gach sonra teicniúil, oibriúcháin agus riaracháin, agus nuashonruithe ar dhearadh an tionscadail;
 - b) sonraí maidir leis na costais a mheastar a ghabhfaidh leis an tionscadal, lena n-áirítear, inter alia, costais CAPEX agus saolré an tionscadail agus a ndifríochtaí measta, agus athruithe ar mheastacháin roimhe seo;
 - c) sonraí maidir leis na buntáistí ionchasacha, lena n-áirítear na sonraí maidir le staidéir a rinneadh lena ríomh, an méid a chuideoidh an tionscal chun cuspóirí atá leagtha síos i Rialachán TEN-E a shroicheadh, luach airgeadaithe bhuntáistí an tionscadail, faisnéis maidir leis na buntáistí san óst-tír agus na buntáistí a mheastar a bheidh ann do Bhallstáit aonair eile;
 - d) an dul chun cinn i gcur chun feidhme an tionscadail, lena n-áirítear cur síos ar na hoibreacha a rinneadh ó aimsir na tuarascála deiridh, an stádas reatha agus na cúiseanna le haon mhoill, athsceidealú, deacrachtaí nó cealú agus sceideal mionsonraithe cur chun feidhme ina dtaispeántar clochmhílte an tionscadail, na spriocthréimhsí roimhe seo agus na spriocthréimhsí atá beartaithe i láthair na huaire;
 - e) na bearta a rinne tionscnóir an tionscadail nó a bheartaíonn sé a dhéanamh chun na moilleanna a chúiteamh agus na deacrachtaí a shárú;
- (3) ciallaíonn 'malartú' tarchur faisnéise chuig na hÚdaráis Inniúla trí ríomhphost nó ar mhodh eile a bhaineann leis na TCLanna amháin sin atá suite go páirteach, ar a laghad, i mBallstát de chuid Údaráis Inniúil;

- (4) ciallaíonn 'uirlis TF' an t-ardán a bhunaigh agus a bhainistíonn an Gníomhaireacht ar mhaithe le tionscnóirí TLCanna a chumasú chun a n-oibleagáid tuairiscithe de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán TEN-E Regulation, i leith na Gníomhaireachta agus an Údaráis Inniúil, a chomhlíonadh, más mian leo.

Airteagal 3

Malartú na faisnéise

1. Bailíonn agus próiseálann an Gníomhaireacht an fhaisnéis ar éag na spriocthréimhse atá leagtha amach in Airteagal 5(4) de Rialachán TEN-E agus tarchuirtear í chuig an Údarás Inniúil ar an tslí is éifeachtaí dá bhfuil ar fáil.
2. Téann an tÚdarás Inniúil i mbun cumarsáide leis an nGníomhaireacht sa tslí chéanna.
3. Admhóidh gach Páirtí don Pháirtí eile go bhfuarthas an fhaisnéis.

Airteagal 4

Úsáid na faisnéise

1. Ní úsáidfidh na hÚI an fhaisnéis a gheofar de bhun an Mheabhráin Tuisceana seo ach amháin chun a n-oibleagáidí monatóireachta agus tuairiscithe a chomhlíonadh, de réir fhorálacha Rialachán TEN-E.

Airteagal 5

Eisiamh Dliteanais

1. Ní bheidh an Gníomhaireacht faoi dhliteanas i gcás ar bith d'aon duine ná d'aon aonán maidir le haon chaillteanas nó damáiste díreach nó indíreach a éiríonn as úsáid na huirlise TF, nó a inneachair, nó a neamh-infhaighteacht..
2. Ní bheidh an Gníomhaireacht faoi dhliteanas maidir le cruinneas agus/nó bailíocht na faisnéise.

3. Má fhaigheann aon cheann de na Páirtithe amach go bhfuil míchruinneas i gceist in aon fhaisnéis a malartaíodh faoin Mheabhrán Tuisceana seo, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas gan mhoill.

Airteagal 6

Cosaint agus rúndacht faisnéise

1. Beidh meicníochtaí i bhfeidhm ag na Páirtithe chun rúndacht, iomláine agus cosaint na faisnéise faighte a chinntiú.
2. Cinnteoidh na Páirtithe go gcosnófar sonraí pearsanta de réir reachtaíocht a dtíortha féin.
3. Beidh gach Páirtí freagrach go hiomlán as úsáid agus/nó nochtadh faoi seach na faisnéise faighte do thríú páirtithe

Airteagal 7

Foilsiú

Comhaontaíonn na Páirtithe an Meabhrán Tuisceana seo a chur ar fáil don phobal.

Airteagal 8

Cumarsáid

1. Ach amháin má aontaítear a mhalairt idir na Páirtithe, déanfar an chumarsáid faoin Mheabhrán Tuisceana seo i mBéarla.
2. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cumarsáid a éascú ar ábhar ar bith maidir le cur chun feidhme an Mheabhráin Tuisceana seo.

Airteagal 9

Síniú, teacht i bhfeidhm agus foirceannadh

1. Tiocfaidh an Meabhrán Tuisceana seo i bhfeidhm i gcás gach Údaráis Inniúil ar an lá tar éis don Ghníomhaireacht an leathanach síniúcháin ar leithligh a fháil, de réir an mhúnla a sholáthraítear in Iarscríbhinn A.
2. Tabharfar an Meabhrán Tuisceana seo chun críche maidir le tréimhse ama neamhtheoranta agus is féidir le Páirtí ar bith é a fhoirceannadh uair ar bith ach fógra 90 lá roimh ré i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile.

Déanta ag Ljubljana an 22 Nollaig 2015

A handwritten signature in black ink, consisting of a large, stylized letter 'A' with a smaller, less distinct mark to its right.

Iarscríbhinn A

**Dearbhú ar an MEABHRÁN TUISCEANA
idir an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus na
hÚdaráis Inniúla de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh 347/2013 lenar
leagadh síos socruithe riaracháin maidir le malartú faisnéise faoi Rialachán
(AE) Uimh 347/2013.**

I mo cháil mar Chathaoirleach dearbhaím leis seo go dtéann an Bord Pleanála isteach sa Mheabhrán Tuisceana thíos idir an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus na hÚdaráis Inniúla de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh 347/2013, ina leagtar síos socruithe riaracháin maidir le malartú faisnéise faoi Rialachán (AE) Uimh 347/2013 amhail an 4 Eanáir, 2016.

Déanta ag Baile Átha Cliath an 4 Eanáir, 2016.

Mary Kelly

An Dr. Mary Kelly,
Cathaoirleach an Bhoird Phleanála. 4 Eanáir, 2016.



Forchoimeádas i gcás an Mheabhráin Tuisceana idir an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus an Bord Pleanála.

Molann an Bord Pleanála mar Údarás Inniúil do thionscnóirí tionscadail a dtuarascálacha bliantúla maidir le gach tionscadal a chur isteach, faoi mar a éilítear faoi airteagal 5.4 de Rialachán (AE) Uimh 347/2013 go díreach chuig an mBord Pleanála agus an uirlis TF atá á oibriú ag an nGníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh a úsáid.

Mary Kelly

An Dr. Mary Kelly,
Cathaoirleach an Bhoird Phleanála. 4 Eanáir, 2016.